



An Bhruiséil, 29 Samhain 2024
(OR. en)

15916/1/24
REV 1

LIMITE

COPEN 499
DROIPEN 242
MIGR 422
COSI 212
COMIX 466
JAI 1703
CODEC 2175

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0439(COD)**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	ST 15915/24 + ADD 1
Uimh. an doic. ón gCoim.:	ST 16149/23 + COR 1 + COR 2
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanachta neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle – Cur chuige ginearálta

Réamhrá

An 28 Samhain 2024, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanachta neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle (16149/23 + COR 1 + COR 2).

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 83(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Scrúdaigh an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla an togra faoi Uachtaránacht na Spáinne, na Beilge agus na hUngáire. Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs mar a sheasann sé mar thoradh ar na scrúduithe sin.

I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) atá an príomhfhreagracht. Ceapadh Birgit Sippel ina rapóirtéir. Níl aon tuarascáil curtha síos go fóill.

An 27 Samhain 2024, phléigh an Coiste Measctha agus Coreper na príomh-shaincheisteanna a leagtar amach thíos. Chuir tromlach mór na dtoscaireachtaí in iúl go bhféadfaidís tacú leis an réiteach ar thángthas air maidir leis na saincheisteanna sin, agus a leagtar amach san Iarscríbhinn.

An 28 Samhain 2024, rinne Comhairleoirí CGB beachtú ar théacsanna Airteagal 11(3) agus (4), agus ar aithris chomhfhreagrach 16: tá na hathruithe a rinneadh marcáilte san Iarscríbhinn.

Na príomh-shaincheisteanna

(1) Clásal daonnúil (Aithris 7 in éineacht le hAirteagal 3)

Tagraíonn saincheist an chláisail dhaonnúil don tuairim nár cheart cúnaimh áirithe do náisiúnaigh tríú tír chun teacht isteach san Aontas Eorpach, idirthuras a dhéanamh ann nó fanacht ann – go háirithe cúnaimh do dhlúthbhaill teaghlaigh nó tacaíocht chun bunriachtanais dhaonna a sholáthar – a cháiliú mar chion coiriúil na smuigleála imirceach.

Ina thogra le haghaidh Treorach, mhol an Coimisiún an clásal a chur isteach in aithris, rud a d'fhágfadh faoi na Ballstáit déileáil leis ar a rogha slí. Le linn an scrúdaithe sa Mheitheal áfach, mhol roinnt Ballstát an clásal a aistriú go dtí an chuid oibríochtúil.

Seachas an cheist faoinar cheart déileáil le saincheist an chláisail dhaonnúil sna haithrisí nó sa chuid oibríochtúil, níorbh ionann na seasaimh a bhí ag na toscaireachtaí maidir le foclaíocht bheacht an chláisail.

Tar éis breithniú críochnúil a dhéanamh ar na hargóintí a cuireadh i láthair le linn na caibidlíochta a bhí ar siúl i gcaitheamh na bliana, agus an plé a rinneadh le linn na gcuinnithe a bhí ann le déanaí á chur san áireamh, dealraíonn sé gurb íomchuí aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chláisail dhaonnúil in aithris 7 (ar leathanach 8).

Ba cheart an téacs seo a léamh i bhfianaise aithris 6a, ina dtugtar le fios go láidir gur ionstraim chomhchuibhithe íosta í an Treoir seo: tá sé de shaoirse ag na Ballstáit reachtaíocht a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena bhforáiltear d'ionchoiriú níos leithne ná mar a leagtar amach sa Treoir seo.

(2) Pionóis do dhaoine dlítheanacha (Airteagal 8, mír 3)

Mar thoradh ar iarraidh ó roinnt toscaireachtaí, cuireadh aithris 13aa isteach sa téacs, agus cuireadh mír 5 le hAirteagal 8. Tugtar aghaidh sna téacsanna nua ar chás ar leith na Stát nach bhfuil feidhm ag ionstraimí eile dlí choiriúil an Aontais maidir leo, agus nach gcinneann, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, méid na bhfineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla do dhaoine dlítheanacha i gcomhréir le tromchúis an chiona a rinne duine nádúrtha, ach a chuireann critéir eile i bhfeidhm, lena n-áirítear critéar atá bunaithe ar easpa struchtúr agus coimircí eagraíochtúla nó easnaimh eile laistigh d'eagraíocht an duine dhlítheanaigh.

Conclúid

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- (a) a dhearbhu go bhfuiltear ar aon fhocal maidir le téacs an chur chuige ghinearálta, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é; agus
- (b) a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs seo, a bheidh ina shainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

ATHDHRÉACHTÚ ÓN UACHTARÁNACHT¹

Dréacht

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos rialacha fosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaráithe, idirthurais neamhúdaráithe agus fanachta neamhúdaráithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ Léirítear téacs breise i ndáil leis an dréacht in 15916/24 le **cló trom agus líne faoi**. Léirítear téacs breise a moladh níos luaithe le **cló trom** amháin. Marcáiltear an méid a scriosadh le [...].

² IO C , , lch. .

³ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá éascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanachta neamhúdaraithe san Aontas ina ghníomhaíocht choiriúil lena gcuirtear beatha an duine i mbaol agus lena léirítear dímheas ar dhínit daoine chun brabúis arda a dhéanamh, rud a bhaineann an bonn de chearta bunúsacha. Cuireann na gníomhaíochtaí coiriúla sin leis an imirce neamhrialta, rud a bhaineann an bonn de chuspóirí bainistithe imirce an Aontais. Tá na gníomhaíochtaí coiriúla sin á spreagadh de bharr breis éilimh agus na brabúis arda atá á ndéanamh ag eagraíochtaí coiriúla. Tugann an tAontas tús áite fós do na cionta sin a chosc agus a chomhrac.
- (2) Is éard atá i dTreoir 2002/90/CE⁴ agus Cinneadh Réime 2002/946/CGB⁵ ón gComhairle ('an Pacáiste um Éascaitheoirí') creat dlíthiúil an Aontais chun cur i gcoinne éascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanachta neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír. Leagtar síos léi sainiú comhchoiteann ar na cionta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus cónaithe neamhúdaraithe, agus bunaítear léi an creat pionósach maidir le smachtbhannaí i leith na gcionta sin. Chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn, agus chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht chreat an Aontais maidir leis na cionta sin a chosc agus a chomhrac, is gá an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta.

⁴ Treoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainítear éascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus cónaithe neamhúdaraithe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 17, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2002/90/oj>).

⁵ Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus cónaithe neamhúdaraithe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2002/946/oj).

- (3) Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023, dearbhaíodh an gá gníomhaíocht an Aontais a threisiú chun cosc a chur le himirce neamhrialta agus bás daoine, go háirithe trí chomhar le tíortha tionscnaimh agus tíortha idirthurais a threisiú, agus trí chomhar níos láidre i measc na mBallstát agus le Europol, Frontex agus Eurojust a áirithiú. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta athnuaite in aghaidh smuigleáil imirceach (2021-2025) an fhreagairt bheartais ar smuigleáil imirceach, ar cuid fhíor-riachtanach í den chur chuige cuimsitheach i leith na himirce a leagtar amach sa Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann. Leagtar amach ann gníomhaíochtaí i gceithre réimse tosaíochta: an comhar le tíortha comhpháirtíochta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a threisiú; smachtbhannaí a chur ar smuigléirí imirceach agus dúshaothrú imirceach a chosc; an comhar a threisiú agus tacú le hobair na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach; agus an bonn eolais a mhéadú.
- (4) Is feiniméan trasnáisiúnta é éascú teacht isteach neamhúdaraíthe, idirthurais neamhúdaraíthe agus fanachta neamhúdaraíthe, agus ba cheart a ghné idirnáisiúnta a aithint i mbearta arna nglacadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus a Bhallstát a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí an Aontais agus i ngníomhaíochtaí náisiúnta, lena n-áirítear i ndáil leis an bPrótacal in aghaidh Imircigh a Smuigleáil ar Tír, ar Muir nó san Aer, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cuardach agus Tarrtháil ar Muir, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, chomh maith le hobair Oifig na Náisiún Aontaithe in aghaidh Drugaí agus Coireachta. **Go háirithe, níor cheart d'aon rud sa Treoir seo difear a dhéanamh do chearta, oibleagáidí agus freagrachtaí na mBallstát agus daoine aonair maidir le cúnaimh a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír, ar chúiseanna daonnúla nó atá dírithe ar a riachtanais bhunúsacha dhaonna a chomhlíonadh, faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme – lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus go háirithe, i gcás inarb infheidhme, Coinbhinsiún 1951 i dtaobh stádas dídeanaithe arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac 1967, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, agus i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla. D'fhéadfadh comhairle nó tacaíocht dhlíthiúil, teanga nó shóisialta a bheith san áireamh leis an gcúnaimh sin freisin.**

- (5) Agus éabhlóid na ngníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh teacht isteach neamhúdaraithe, idirthuras neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a éascú á cur san áireamh, chomh maith le hoibleagáidí dlíthiúla an Aontais agus na mBallstát faoin dlí idirnáisiúnta, ba cheart sainiú na gcionta coiriúla a chomhfhogasú a thuilleadh sna Ballstáit uile ionas go gcumhdaítear leis an t-iompar ábhartha ar bhealach níos cuimsithí.
- (6) I gcomhréir le prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta sa dlí coiriúil, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí coiriúla lena gcuirtear beatha an duine i mbaol agus lena ndímheastar dínit daoine chun brabúis a dhéanamh, ní mór na cionta coiriúla a shainiú go beacht agus go mionsonraithe chun an iompraíocht choiriúil sin a chomhrac. Ba cheart cúnamh i gcás teacht isteach neamhúdaraithe, idirthuras neamhúdaraithe nó fanacht neamhúdaraithe san Aontas a bheith ina chion coiriúil **ar a laghad** i gcás ina mbaineann sé le sochar airgeadais nó sochar ábhartha iarbhír nó geallta. **Tá an méid sin gan dochar don chaoi a ndéileálann na Ballstáit ina ndlí náisiúnta le hiompar éascaithe nach bhfuil sochar airgeadais nó sochar ábhartha iarbhír nó geallta ina chomhghné den chion.**

[...]

- (6a) **Is ionstraim chomhchuibhithe íosta í an Treoir seo. Mar thoradh air sin, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit reachtaíocht a ghlacadh nó a choinneáil lena bhforáiltear d'ionchoiriú níos leithne ná mar a leagtar amach sa Treoir seo, chun dul i ngleic le smuigléirí imirceach ar bhealach níos éifeachtaí. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cion coiriúil é cúnaimh a thabhairt d'aon ghnó do náisiúnach tríú tír teacht isteach i gcríoch aon Bhallstáit, nó idirthuras a dhéanamh trasna na críche sin nó fanacht inti, de shárú ar dhlí ábhartha an Aontais nó ar dhlíthe an Bhallstáit lena mbaineann maidir le teacht isteach, idirthuras agus fanacht náisiúnach tríú tír, ar a laghad i gcás ina ndéanfaidh an duine a dhéanann an t-iompar sochar airgeadais nó sochar ábhartha, nó gealltanais ina leith, a iarraidh, a fháil nó a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, nó i gcás ina ndéanfaidh sé an t-iompar chun an sochar sin a fháil. Mar sin féin, ós rud é gur ionstraim chomhchuibhithe íosta í an Treoir seo, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an t-iompar sin a choiriúlú i gcás nach soláthraítear aon tairbhe airgeadais ná tairbhe ábhartha eile.**
- (7) **Maidir leis an gcúnaimh a thugtar do dhlúthbhaill teaghlaigh ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, an cúnaimh daonnúil nó an tacaíocht do riachtanais bhunúsacha an duine a thugtar do náisiúnaigh tríú tír i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus idirnáisiúnta is infheidhme, níor cheart, le rud ar bith sa Treoir seo, a thuiscint go gcaitear a leithéid a choiriúlú.**

[...]

- (7a) **Gan dochar do rialacha an dlí náisiúnta a bhaineann le teacht isteach neamhúdaraithe i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, níor cheart náisiúnaigh tríú tír a bheith faoi dhliteanas coiriúil i leith teacht isteach neamhúdaraithe, idirthuras neamhúdaraithe nó fanacht neamhúdaraithe laistigh de chríoch aon Bhallstáit a éascú, agus ina leith sin amháin, i ngeall ar iad a bheith ina n-ábhar sa chion choiriúil sin.**
- (8) An tionchar a bhíonn ag teacht isteach neamhúdaraithe, idirthuras neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe a éascú, ní hé Ballstát an teacht isteach neamhúdaraithe amháin a bhíonn thíos leis. Le rialacha íosta maidir le sainiú na gcionta coiriúla, ba cheart iompar a chuimsiú a dhéantar ar chríoch aon Bhallstáit chun deis a thabhairt do Bhallstáit, seachas na Ballstáit sin lena mbaineann an teacht isteach neamhúdaraithe, gníomhú i leith na gcionta sin, ar choinníoll go suífidh na Ballstáit lena mbaineann dlínse maidir leis na cionta sin.
- (9) Is gá idirdhealú a dhéanamh idir an cion coiriúil maidir le teacht isteach neamhúdaraithe, idirthuras neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a éascú agus na tromchionta coiriúla lena gcruthaítear díobháil níos mó do dhaoine aonair agus don tsochaí. Ba cheart leibhéil na bpionós teacht leis an ábhar inní sóisialta méadaithe maidir le hiompar níos tromchúisí agus níos díobhálaí agus, dá bhrí sin, ba cheart pionóis choiriúla níos déine a ghearradh ar thromchionta.
- (10) Ba cheart do na Ballstáit an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir agus i lánchomhlíonadh le Coinbhinsiún 1951 i dtaobh stádas dídeanaithe arna leasú le Prótocal Nua-Eabhrac 1967, oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*, agus cearta bunúsacha.
- (11) Ba cheart pionóis i leith na gcionta coiriúla a bheith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Chuige sin, ba cheart íosleibhéil don téarma uasta príosúnachta a shocrú do dhaoine nádúrtha. Is minic a bhíonn bearta coimhdeacha éifeachtach agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith ar fáil in imeachtaí coiriúla freisin.

[...] ⁶[...]

- (11a) Maidir leis na téarmaí uasta príosúnachta dá bhforáiltear sa Treoir seo le haghaidh na cionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de na cionta sin ar a laghad. Áirítear i ndlí coiriúil na mBallstát uile forálacha maidir le dúnbhású, tromionsaí, chomh maith le hionsaí ar údaráis forfheidhmithe an dlí, nó cionta eile i gcás inar cuid den choir é foréigean tromchúiseach a úsáid, cibé acu d'aon ghnó nó le faillí thromchúiseach a dhéantar iad. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann leas a bhaint as na forálacha ginearálta sin, lena n-áirítear forálacha maidir le himthosca géaraitheacha, agus na forálacha sa Treoir seo a bhaineann le cionta coiriúla is cúis le bás duine á dtrasú acu, cibé acu d'aon ghnó nó le faillí thromchúiseach a dhéantar iad.**

⁶ [...]

(11b) I gcás ina bhforáiltear leis an Treoir seo nach cion coiriúil é iompar neamhdhleathach ach amháin i gcás ina ndéantar d'aon ghnó é agus, trí bheatha náisiúnaigh tríú tír a chur i mbaol go tromchúiseach, go bhfuil sé ina chúis le bás an [...] duine sin, ba cheart an coincheap 'rún' a léirmhíniú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh. Níor cheart a thuiscint go gceanglaítear diandliteanas le haon rud sa Treoir seo maidir le haon iarmhairt a eascraíonn as na gníomhaíochtaí a cháilítear mar chionta coiriúla sa Treoir seo.

(12) [...]

- (13) I gcás ina ndéanfar foráil sa dlí náisiúnta dó, ba cheart daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas coiriúil as teacht isteach neamhúdaraíthe, idirthuras neamhúdaraíthe agus fanacht neamhúdaraíthe san Aontas a éascú. Na Ballstáit sin nach ndéantar foráil ina ndlí náisiúnta do dhaoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas coiriúil, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar foráil lena gcórais smachtbhannaí riaracháin do chineálacha agus leibhéil smachtbhannaí atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach mar a leagtar síos sa Treoir seo chun a cuspóirí a bhaint amach. Ba cheart bearta coimhdeacha a bheith ag gabháil leo. [...] **Ba cheart tromchúis an iompair, mar aon le himthosca aonair, airgeadais agus eile na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann, a chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil an pionós a ghearrfar éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na huasleibhéil fíneálacha a shocrú mar chéatadán de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh lena mbaineann, nó i méideanna socraithe. Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh cé acu den dá rogha sin a úsáidfidh siad agus an Treoir seo á trasú acu.**
- (13aa) **Mar sin féin, ós rud é gur forbairt ar *acquis* Schengen í an Treoir seo, ba cheart aird a thabhairt ar chás sonracha na mBallstát sin nach bhfuil feidhm ag ionstraimí dlí choiriúil eile de chuid an Aontais maidir leo, agus, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, nach gcinneann méid na bhfíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla do dhaoine dlítheanacha i gcomhréir le tromchúis an chiona a rinne duine nádúrtha, ach a chuireann critéir eile i bhfeidhm, lena n-áirítear critéar atá bunaithe ar easpa struchtúr agus coimircí eagraíochtúla nó easnaimh eile laistigh d'eagraíocht an duine dhlítheanaigh. Má tá sé riachtanach chun comhleanúnachas an chórais pionóis náisiúnta do dhaoine dlítheanacha a chaomhnú, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit sin uasmhéid na bhfíneálacha a shocrú do dhaoine dlítheanacha ar leibhéal atá comhoiriúnach lena gcóras náisiúnta, ar choinníoll, mar thoradh air sin, go bhfuil leibhéal na bpionós is infheidhme maidir le daoine dlítheanacha comhsheasmhach leis an leibhéal dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta maidir le coireanna atá chomh tromchúiseach céanna agus go bhfuil na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.**

- (13a)** I gcás ina roghnóidh na Ballstáit, agus fíneálacha atá le gearradh ar dhaoine dlítheanacha á gcinneadh acu, an critéar chun láimhdeachas domhanda iomlán duine dhlítheanaigh a chur chun feidhme, ba cheart dóibh a chinneadh an ríomhfar an láimhdeachas sin bunaithe ar an mbliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion coiriúil, nó uirthi sin ina gcinntear an fhíneáil a ghearradh. Ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh freisin ar fhoráil a dhéanamh do rialacha i gcásanna nach féidir méid fíneála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion coiriúil, nó inti sin ina gcinntear an fhíneáil a ghearradh. I gcásanna mar sin, ba cheart do Bhallstáit a bheith in ann critéir eile a chur san áireamh, ina measc láimhdeachas domhanda iomlán i mbliain ghnó eile. I gcás ina n-áireofar leis na rialacha sin méideanna socraithe fíneálacha a shocrú, níor cheart gur ghá go sroichfeadh uasleibhéil na méideanna sin na leibhéil a bhunaítear sa Treoir seo mar an t-íoscheanglas le haghaidh na n-uasleibhéil fíneálacha a shocraítear i méideanna socraithe.
- (13b)** I gcás ina roghnóidh na Ballstáit uasleibhéil fíneálacha a shocraítear i méideanna socraithe, ba cheart na leibhéil sin a leagan síos sa dlí náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag na leibhéil is airde de na fíneálacha sin maidir leis na cineálacha cionta coiriúla is tromchúisí a shainítear sa Treoir seo, cionta a dhéanann daoine dlítheanacha atá go maith as ó thaobh airgid de. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann modh ríofa na leibhéil fíneálacha is airde sin a chinneadh, lena n-áirítear coinníollacha sonracha na bhfíneálacha sin. Iarrtar ar na Ballstáit athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar leibhéil na bhfíneálacha a shocraítear i méideanna socraithe ag féachaint do rátaí boilscithe agus luaineachtaí eile sa luach airgeadaíochta, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos ina ndlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu foráil a dhéanamh d'uasleibhéil fíneálacha ina n-airgeadra a chomhfhreagraíonn do na leibhéil a chinntear sa Treoir seo in euro ar dháta a teacht i bhfeidhm. Iarrtar ar na Ballstáit sin athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar leibhéil na bhfíneálacha maidir le forbairt an ráta malairte freisin.

- (13c) Tá bunú na n-uasleibhéal fíneálacha gan dochar do rogha na mbreithiúna nó na gcúirteanna in imeachtaí coiriúla chun pionóis iomchuí a ghearradh i gcásanna aonair. Ós rud é nach mbunaítear leis an Treoir seo aon íosleibhéal fíneálacha, ba cheart do na breithiúna nó do na cúirteanna, in aon chás, pionóis iomchuí a ghearradh agus imthosca aonair, airgeadais agus eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann agus tromchúis an iompair á gcur i gcuntas.
- (14) Ba cheart coincheap na n-imthosca géaraitheacha a thuiscint mar fhíorais lena gceadaítear don bhreitheamh pianbhreith níos airde a fhógairt i leith an chiona chéanna ná an phianbhreith a thabhaítear de ghnáth gan na fíorais sin, nó go bhféadfaí déileáil le roinnt cionta coiriúla go carnach chun leibhéal an phionóis a mhéadú. [...] Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh d'imthosca géaraitheacha sonracha i gcás ina ndéanfar foráil sa dlí náisiúnta cheana féin do chionta coiriúla ar leithligh nó do chumas ginearálta na gcúirteanna náisiúnta na himthosca géaraitheacha ábhartha uile a mheas, agus d'fhéadfadh pionóis níos déine a bheith mar thoradh air sin.
- [...]
- (14a) D'fhéadfadh cás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh a bheith ann i gcás ina spreagfadh nó ina n-éascódh tríú tír nó gníomhaí naimhdeach nach gníomhaí stáit é gluaiseacht náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát chuig teorainneacha seachtracha an Aontais nó chuig Ballstát, i gcás ina léireodh na gníomhaíochtaí sin rún tríú tír nó gníomhaí naimhdigh nach gníomhaí stáit é an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, agus i gcás inar dócha go gcuirfeadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Ballstáit i mbaol, lena n-áirítear an t-ord poiblí a chaomhnú, nó a shlándáil náisiúnta a chosaint.

- (14b) Sna cásanna ina mbíonn gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad páirteach sa choireacht eagraithe, go háirithe sa smuigleáil, níor cheart a mheas gur ionstraimiú imirceach é sin nuair nach aidhm dó an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú.
- (14c) Níor cheart cabhair dhaonnúil a mheas mar ionstraimiú imirceach nuair nach aidhm di an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú.
- (14d) A mhéid a bhaineann leis an gCipir, foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle⁷ do rialacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an líne idir na limistéir i bPoblacht na Cipire ina bhfeidhmíonn rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach agus na limistéir sin nach bhfeidhmíonn sé rialú éifeachtach iontu. Cé nach teorainn sheachtrach í an líne sin, fágann sí gur cheart a mheas, i gcás ina spreagfaidh nó ina n-éascóidh tríú tír nó gníomhaí naimhdeach nach gníomhaí stáit é gluaiseacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát leis an líne sin a thrasnú, gurb ionann sin agus ionstraimiú, más ann do gach gné ionstraimithe eile.

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 10 a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais (IO L 161, 30.4.2004, lgh. 128-143).

[...]

- (15) Ba cheart comhfhogasú agus éifeachtacht na leibhéal smachtbhannaí a fhorchuirtear go hiarbhír a chothú freisin le himthosca maolaitheacha coiteanna a thagann leis an gcuidiú a sholáthair na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a rinne cion coiriúil dá dtagraítear sa Treoir seo trí chomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla maidir leis an gcion sin a imscrúdú nó a bhrath. **In aon chás, ba cheart é a bheith fós faoi rogha an bhreithimh nó na cúirte a chinneadh ar cheart an phianbhreith a laghdú, agus na himthosca sonracha i ngach cás ar leith á gcur san áireamh.**

- (16) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le tréimhsí teorann lena chur ar a gcumas na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo a chomhrac go héifeachtach, gan dochar do rialacha náisiúnta nach leagtar síos iontu tréimhsí teorann maidir le himscrúdú, ionchúiseamh agus forfheidhmiú. **Ina theannta sin, faoin Treoir seo, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit, i gcomhréir lena gcórais dlí náisiúnta, na tréimhsí teorann a shocrú maidir le forfheidhmiú na bpionós a fhorchuirtear tar éis ciontú deiridh, ar bhonn an phionóis a fhorchuirtear go hiarbhrí, nó, de rogha air sin, ar bhonn an phionóis uasta a ghabhann leis an gcion. Dá réir sin, leagtar amach sa Treoir seo tréimhsí teorann iomchuí le haghaidh gach ceann de na roghanna sin.** Mar riail ghinearálta, ba cheart gurbh é an tráth a dhéanfaí an cion tús na tréimhse teorann. Mar sin féin, ós rud é go leagtar síos rialacha íosta leis an Treoir seo, is féidir leis na Ballstáit foráil a dhéanamh ina reachtaíocht náisiúnta go dtosóidh an tréimhse theorann níos déanaí, mar shampla an tráth a thagtar ar an gcion, ar choinníoll go sainítear an tráth sin go soiléir i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. I gcás ina gceadófar do na Ballstáit, faoin Treoir seo, tréimhsí teorann níos giorra a bhunú, ar choinníoll go bhféadfar an tréimhse a bhriseadh nó a chur ar fionraí i gcás gníomhartha sonrath, féadfar na gníomhartha sin a shainiú i gcomhréir le córas dlí gach Ballstáit.
- (17) Chun éascú teacht isteach neamhúdaraíthe, idirthurais neamhúdaraíthe agus fanachta neamhúdaraíthe san Aontas a chomhrac, tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go ndéanfar fáltais na coireachta a urghabháil go héifeachtach, chomh maith leis an ionstraimíocht a úsáidtear chun na cionta coiriúla a dhéanamh, lena n-áirítear mar shampla báid, innill agus comhphárteanna báid agus feithiclí eile. Chun na críche sin, ba cheart úsáid iomlán a bhaint as ionstraimí atá ann cheana maidir le fáltais agus ionstraimíocht na coireachta a reo agus a choigistiú, ar nós Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.

⁸ Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L 2024/1260, 2.5.2024).

- (18) I ndáil le cineál trasteorann na gcionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo, le soghluaisteacht déantóirí iompair neamhdhleathaigh agus leis an deis imscrúduithe trasteorann a dhéanamh, is gá rialacha a leagan síos maidir le suí dlínse ag na Ballstáit chun cur i gcoinne an iompair sin ar bhealach éifeachtach. Leis an idirthuras neamhúdaráithe **trasna** nó leis an bhfanacht neamhúdaráithe atá ar siúl go hiomlán nó go páirteach i gcríoch Bhallstáit, ba cheart a cheadú do Bhallstát, nach é an Ballstát lena mbaineann an chéad teacht isteach neamhúdaráithe, dlínse a shuí. Le tromchúis agus cineál trasteorann na gcionta dá dtagraítear sa Treoir seo, éilítear go suítear dlínse [...] **ar dhaoine nádúrtha ar náisiúnaigh iad den Bhallstát lena mbaineann. Ar na cúiseanna céanna sin, ní mór do na Ballstáit dlínse a shuí maidir le cionta coiriúla a dhéantar ar bord long agus aerárthaí atá cláraithe sa Bhallstát nó a bhfuil a bhratach ar foluain acu. Ba cheart an cead a bheith ag na Ballstáit a ndlínse a leathnú go cionta a rinneadh lasmuigh dá gcríoch [...] ag náisiúnaigh tríú tír a chónaíonn laistigh dá [...] gcríoch de ghnáth [...] agus ag daoine duine dlítheanacha [...] nuair atá siad bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann nó i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach ina chríoch. [...] Ba cheart an cead a bheith ag na Ballstáit, lena n-áirítear na Ballstáit seachas na Ballstáit lena mbaineann an chéad teacht isteach neamhúdaráithe, dlínse a shuí i ndáil le cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo nuair a tharla an t-iompar lasmuigh dá gcríoch agus arb é is aidhm [...] dó teacht isteach neamhdhleathach [...] nó idirthuras [...] na náisiúnach tríú tír atá faoi réir an chiona sa Bhallstát lena mbaineann.**
- (19) I gcás ina gcuirtear cúnaimh ar fáil do náisiúnach tríú tír chun críoch Bhallstáit a bhaint amach, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann a bheith ábalta a ndlínse a shuí freisin maidir le hiarrachtaí, fiú mura dtéann an náisiúnach tríú tír isteach ina chríoch. [...]

- (19a) **Moltar do na Ballstáit smuigleáil imirceach a choiriúlú gan beann ar an áit ina ndearnadh an cion agus machnamh a dhéanamh ar dhlínse a shuí maidir le smuigleáil imirceach lasmuigh dá gcríocha, thar na rialacha íosta a leagtar amach sa Treoir seo, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.**
- (20) I gcás ina dtagann cion coiriúil faoi dhlínse Ballstáit amháin nó níos mó, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann comhoibriú lena chéile chun a chinneadh cén Ballstát is fearr atá ábalta ionchúiseamh a dhéanamh. I gcás ina gcinneadh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann, i ndiaidh comhair nó comhairliúcháin dhíreacha faoi Chinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle⁹, chun imeachtaí coiriúla a lárú i mBallstát amháin trí imeachtaí coiriúla a aistriú, [...] ba cheart Rialachán (AE) **2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú .../... [a glacadh ach nár foilsíodh go fóill]**¹⁰ a úsáid le haghaidh aistriú mar sin. Chun na críche sin, ba cheart critéir ábhartha Airteagal 5 den Rialachán sin a chur san áireamh go cuí. Ba cheart tosaíocht agus ualach na gcritéar sin a bheith bunaithe ar fhíorais agus ar fhiúntais gach cáis ar leith.
- (21) Chun cur i gcoinne éascú teacht isteach neamhúdaráithe, idirthurais neamhúdaráithe agus fanachta neamhúdaráithe san Aontas, ba cheart úsáid a bhaint as an gceartas coiriúil agus as sásraí coisctheacha araon. Más féidir cosc a chur ar na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo, ba cheart an gá le freagairt ceartais choiriúil a mhaolú agus buntáistí níos forleithne i dtaobh laghdú na coireachta a theacht as. Ba cheart a dhíriú, le **cosc** [...], ar fheasacht an phobail a ardú, agus ba cheart a áireamh leis **bearta iomchuí** ar nós feachtais faisnéise, cláir thaighde agus oideachais, **a urramóidh an inniúlacht náisiúnta agus an dlí náisiúnta**. Ba cheart iad sin a dhéanamh i gcomhar le Ballstáit eile, le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus le tríú tíortha.

⁹ Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2009/948/oj).

¹⁰ Glacadh an téacs an 5 Samhain agus síníodh é an 27 Samhain. Le foilsíú – agus uimhir an Rialacháin leis – am éigin i mí na Nollag is dócha.

- (22) De dheasca easpa acmhainní agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin d'údaráis náisiúnta a dhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú, cruthaítear bacainní maidir leis na cionta sin a chosc agus a phionósú go héifeachtach. Go sonrach, mar gheall ar ghanntanas acmhainní, d'fhéadfaí bac a chur ar na húdaráis gníomhaíocht a dhéanamh nó teorainn a chur lena ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, rud a fhágann gur féidir le ciontóirí dliteanas a sheachaint nó pionós a fháil nach bhfreagraíonn do thromchúis an chiona choiriúil. Ba cheart critéir fosta maidir le hacmhainní agus le cumhachtaí forfheidhmiúcháin a shuí.
- (23) Braitheann feidhmiú éifeachtach an tslabhra forfheidhmiúcháin ar raon saincileanna. Mar gheall ar chastacht na ndúshlán a bhaineann le teacht isteach neamhúdaraíthe, idirthuras neamhúdaraíthe agus fanacht neamhúdaraíthe san Aontas a éascú, agus ar chineál na gcionta coiriúla sin, teastaíonn cur chuige ildisciplíneach, ardleibhéal eolais ar an dlí, saineolas teicniúil agus tacaíocht airgeadais, chomh maith le hardleibhéal oiliúna agus speisialtóireachta laistigh de na húdaráis inniúla ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit oiliúint a sholáthar a bheadh oiriúnach d'fheidhm na ndaoine sin a dhéanann cionta coiriúla a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú maidir le teacht isteach neamhúdaraíthe, idirthuras neamhúdaraíthe agus fanacht neamhúdaraíthe san Aontas a éascú.
- (24) Chun forfheidhmiú rathúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha a chur ar fáil do **na húdaráis inniúla** le haghaidh na gcionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo ar nós iad sin **atá ar fáil faoina** [...] ndlí náisiúnta chun an choireacht eagraithe nó **cionta coiriúla** tromchúiseacha eile a chomhrac [...]. **Féadfaidh** idircheapadh cumarsáide, faireachas ceilte, lena n-áirítear faireachas leictreonach, faireachán ar chuntais bhainc agus uirlisí imscrúdaithe airgeadais eile **a bheith san áireamh leis na huirlisí sin** [...]. Ba cheart na huirlisí **sin** [...] **a úsáid** [...] i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus lánurraim á tabhairt don Chairt [...]. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart cineál agus tromchúis na gcionta coiriúla atá á n-imscrúdú a bheith ina mbonn cirt le húsáid na n-uirlisí imscrúdaitheacha sin. Ba cheart an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint a urramú.

- (25) [...] ¹¹[...]
- (26) Chun dul i ngleic go héifeachtach le teacht isteach neamhúdaraithe, idirthuras neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a éascú, is gá d'údaráis inniúla sna Ballstáit sonraí cruinne [...] a bhailiú maidir le scála agus treochoiríúla sna cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo[...]. Ba cheart do na Ballstáit, **ar a laghad**, sonraí staidrimh ábhartha maidir le cionta dá leithéid, ar sonraí iad **atá ann cheana agus ar fáil ar an leibhéal lárnach**, a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún. Ba cheart don Choimisiún na torthaí a mheas agus a fhoilsiú go tráthrialta, torthaí atá bunaithe ar na sonraí staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit. Ba cheart do na Ballstáit sonraí staidrimh agus faisnéis staidrimh **atá ann cheana** maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a bhailiú agus a scaipeadh go tráthrialta chun go mbeifear ábalta faireachán a dhéanamh ar a cur chun feidhme. Ba cheart sonraí staidrimh agus faisnéis staidrimh [...] a bhailiú ar bhonn chaighdeáin íosta chomhchoiteanna.
- (27) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin rialacha íosta a leagan síos chun éascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanachta neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus éifeacht na gníomhaíochta, é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

¹¹ [...]

- (28) Urramaítear leis an Treoir seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe meas ar dhínt an duine agus cosaint dhínt an duine, an ceart chun iomláine an duine, toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun saoirse agus slándála, cearta an linbh, an tsaoirse comhlachais, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta maidir le cionta coiriúla agus pionóis, agus toirmeasc *ne bis in idem*.
- (29) Is é is aidhm don Treoir seo forálacha Threoir 2002/90/CE agus Chinneadh Réime 2002/946/CGB a leasú agus a leathnú. Ós rud é go bhfuil na leasuithe atá le déanamh ina leasuithe suntasacha, ba cheart Treoir 2002/90/CE agus Cinneadh Réime 2002/946/CGB a athrú ina n-iomláine, ar mhaithe le soiléireacht, i ndáil leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag an Treoir seo.
- (30) Tá an Treoir seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² agus an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe¹³.
- (31) Tá Éire rannpháirteach sa Treoir seo i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótocal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle¹⁴.

¹² Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/38/oj>).

¹³ Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach 2019/C 384 I/01 (IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2019\(3\)/oj](http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2019(3)/oj)).

¹⁴ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj>).

- (32) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de [...] Phrótacal **Uimh. 22** maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Treoir seo le *acquis* Schengen, **cinnfidh** [...] an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Treoir seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta í.
- (33) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas na tíre réamhluaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt¹⁵, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe **E** [...] de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle¹⁶.

¹⁵ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI:

[http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj).

¹⁶ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>).

- (34) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt¹⁷, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe E [...] de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle¹⁸.
- (35) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt¹⁹, ar forálacha iad a thagann faoi réim na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe E [...] de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle²⁰.

¹⁷ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

¹⁸ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj>).

¹⁹ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

²⁰ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj>).

- (36) A mhéid a bhaineann leis an gCipir[...], is é atá sa Treoir seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen, nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003 [...],

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:



Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha íosta maidir le sainiú na gcionta coiriúla agus smachtbhannaí sa réimse um éascú teacht isteach neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír **i gcríoch aon Bhallstáit** nó idirthuras a dhéanamh trasna na críche sin nó fanacht inti, chomh maith le bearta chun cionta coiriúla mar sin a chosc agus a chomhrac.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

1. ciallaíonn ‘náisiúnach tríú tír’ aon duine nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20(1) den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh agus ar duine é nach bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige faoi dhlí an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 5, de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
2. ciallaíonn ‘mionaoiseach neamhthionlactha’ náisiúnach tríú tír faoi bhun 18 mbliana d’aois a bhaineann críoch na mBallstát amach gan tionlacan duine fhásta atá freagrach as de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann, agus fad nach dtógtar go héifeachtach faoi chúram duine fhásta den sórt sin é, lena n-áirítear mionaoiseach a fhágtar gan tionlacan tar éis dó dul isteach i gcríoch na mBallstát;
3. ciallaíonn ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas dlítheanach a bhfuil an stádas sin aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, cé is moite de na Stáit nó de na comhlachtaí poiblí a fheidhmíonn údarás an Stáit agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí.

Airteagal 3

Cionta coiriúla

[...] Áiritheoidh na Ballstáit gur cion coiriúil é cúnamh a thabhairt d'aon ghnó do náisiúnach tríú tír teacht isteach i gcóir aon Bhallstáit, nó idirthuras a dhéanamh trasna na críche sin nó fanacht inti, de shárú ar dhlí ábhartha an Aontais nó ar dhlíthe an Bhallstáit lena mbaineann maidir le teacht isteach, idirthuras agus fanacht náisiúnach tríú tír, [...] i gcás ina ndéanfaidh an duine a dhéanann an t-iompar sochar airgeadais nó sochar ábhartha, nó gealltanas ina leith, a iarraidh, a fháil nó a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, nó i gcás ina ndéanfaidh sé an t-iompar chun an sochar sin a fháil [...]

[...]

[...]

Airteagal 4

Tromchionta coiriúla

(scriosta)

Airteagal 5

Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh

Maidir le haon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3[...] a ghríosú, a neartú, cabhrú lena ndéanamh agus iarracht a dhéanamh aon cheann díobh a dhéanamh, áiritheoidh na Ballstáit gur cionta coiriúla iad lena ngabhaidh pionóis.

Airteagal 6

Pionóis do dhaoine nádúrtha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 [...] agus 5.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar téarma uasta príosúnachta 3 bliana ar a laghad a ghearradh i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal [...] 3[...].
3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar téarma uasta príosúnachta [...] 8 mbliana ar a laghad a ghearradh i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in [...] Airteagal 3 sna cásanna seo a leanas:
 - (a) **ina ndearnadh an cion coiriúil faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle;**
 - (b) **go ndearna an cion sin saol náisiúnach tríú tír a bhí faoi réir an chiona choiriúil a chur i mbaol go tromchúiseach;**
 - (c) **ina ndearnadh an cion sin trí úsáid a bhaint as foréigean tromchúiseach i gcoinne na náisiúnach tríú tír a bhí faoi réir an chiona choiriúil;**
 - (d) **ina raibh an náisiúnach tríú tír a bhí faoi réir an chiona choiriúil an-leochaileach, mar shampla mionaoiseach neamhthionlactha.**

Is faoi rogha na mBallstát a bheidh sé a chinneadh an mbeidh feidhm ag an bhforáil seo freisin i gcásanna ina dtugtar cúnamh d'aon ghnó do náisiúnach tríú tír fanacht i gcríoch Bhallstáit.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar téarma uasta príosúnachta [...] **10** mbliana ar a laghad a ghearradh i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in [...] Airteagal 3[...] **i gcás inarb é an cion sin, trí shaol náisiúnaigh tríú tír a bhí faoi réir an chiona choiriúil a chur i mbaol go tromchúiseach, ba chúis le bás an duine sin.**
5. De bhreis ar na pionóis choiriúla a fhorchuirtear i gcomhréir le mír 1 go mír 4, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh daoine nádúrtha [...] **a** [...] **rinne** [...] na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3[...] agus **5** a bheith faoi réir pionóis **choimhdeacha** choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta arna bhforchur ag údarás inniúil, [...] **a bhféadfaí a áireamh leo an méid seo a leanas:**

(-a) **fíneálacha;**

(a) ceadanna nó údaruithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a tharraingt siar arb é an toradh a bhí orthu an cion coiriúil ábhartha, nó toirmeasc ar an ngníomhaíocht cheirde a dhéanamh go díreach nó trí idirghabhálaí a ndearnadh an cion coiriúil le linn a feidhmithe;

(b) [...]

(c) toirmeasc ar theacht isteach agus fanacht i gcríoch na mBallstát [...];

(d) eisiámh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais.

(e) *(aistrithe go dtí -a)*

[...]

Airteagal 7

Dlíteanas daoine dlítheanacha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhlíteanas mar gheall ar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3[...] agus 5 a dhéanann aon duine ar mhaithe leis na daoine dlítheanacha sin, ag gníomhú dó ina aonar nó mar bhall d'orgán an duine dhlítheanaigh lena mbaineann, agus a bhfuil ardseasamh aige laistigh den duine dlítheanach atá bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - (a) cumhacht ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;
 - (b) údarás cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh;
 - (c) údarás rialú a fheidhmiú thar ceann an duine dhlítheanaigh.
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar duine dlítheanach a chur faoi dhlíteanas i gcás inar féidir le duine faoi údarás an duine dhlítheanaigh, mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 1, na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 [...] agus 5 a dhéanamh chun tairbhe don duine dlítheanach sin.
3. Ní **choiscfear**, le dlíteanas duine dhlítheanaigh faoi mhíreanna 1 agus 2 **den Airteagal seo**, imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha **a dhéanann, nó a ghríosaíonn** na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3[...] agus 5 nó atá ina gcúlpháirtithe sna cionta sin.

Airteagal 8

Pionóis [...] do dhaoine dlítheanacha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú **go bhféadfar pionóis** choiriúla nó **neamhchoiriúla** [...] **nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla** atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh ar dhuine dlítheanach a chuirtear faoi dhlítheanas de bhun Airteagal 7(1) nó (2).
2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú **go n-áireofar fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla sna pionóis** [...] nó sna bearta a fhorchuirtear ar dhaoine dlítheanacha **a chuirtear** faoi dhlítheanas de bhun Airteagal 7(1) nó (2) i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3[...] agus 5 **agus go bhféadfar a áireamh iontu pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla eile nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla eile** [...], **ar nós an mhéid seo a leanas** [...]:
 - (a) [...]
 - (b) eisiámh ó theidlíocht i leith sochair poiblí [...] **nó** cúnamh poiblí [...];
 - (c) [...] eisiámh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais, [...] lamhátais **agus ceadúnais**;
 - (d) dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí [...] **gnó** a chleachtadh;
 - (e) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
 - (f) foirceannadh breithiúnach;
 - (g) [...] bunaíochtaí a dhúnadh [...] a úsáidtear chun an [...] cion a dhéanamh;

(h) ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú **a raibh** [...] an cion coiriúil **ábhartha** mar thoradh orthu [...] a tharraingt siar;

[...]

3. **Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla a fhorchur, ar a laghad, ar dhaoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 7(1) i leith na gcionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagail 3, 6(3) 6(4), agus beidh méid na bhfineálacha sin [...] comhréireach le tromchúis [...] na hiompraíochta agus le himthosca aonair agus airgeadais agus le himthosca eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach lú leibhéal uasta na bhfineálacha sin ná:**

(a) do chionta coiriúla a cumhdaítear le [...] hAirteagal 3[...]

(i) 3 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh **an mbliain ghnó** [...] ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh **an fhíneáil a ghearradh**, [...] nó

(ii) méid a chomhfhreagraíonn do EUR 24 000 000.

(b) do chionta coiriúla a cumhdaítear le [...] hAirteagal [...] 6(3) agus Airteagal 6(4):

(i) 5 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an [...] gcinneadh **an fhíneáil a ghearradh**, [...], nó

(ii) méid a chomhfhreagraíonn do EUR 40 000 000;

[...]

4. [...], Féadfaidh na Ballstáit rialacha [...] a bhunú [...] le haghaidh cásanna nach féidir méid na fineála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh **an mbliain ghnó** [...] ina [...] ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an [...] gcinneadh **an fhíneáil a ghearradh.**
5. **Más gá comhleanúnachas an chórais pionóis náisiúnta do dhaoine dlítheanacha a chaomhnú, féadfaidh uasmhéid na bhfineálacha do dhaoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 7(1) maidir leis na cionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagail 3, 6(3) agus 6(4) a bheith éagsúil leis an uasmhéid a leagtar amach in Airteagal 8(3), ar choinníoll, mar thoradh air sin, go mbeidh leibhéal na bpionós comhsheasmhach leis an leibhéal dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta maidir le coireanna arna ndéanamh ag daoine dlítheanacha atá chomh tromchúiseach céanna agus go mbeidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.**

Gan dochar d’Airteagal 8(2), áireofar freisin leis na córais phionóis sin an fhéidearthacht an méid seo a leanas a dhéanamh

(a) smachtbhannaí airgeadaíochta a fhorchur lena gcuirtear san áireamh bearnaí nó easnaimh laistigh de struchtúr agus d’eagrú an duine dhlítheanaigh a cheadaigh cionta a dhéanamh,

(b) éilimh ar chúiteamh agus

(c) coigistiú.

Airteagal 9

Imthosca géaraitheacha

A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas ina gcuid de na heilimintí a chomhdhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas [...], i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a mheas mar imthoisc ghéaraitheach [...], i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5:

- (a) rinne oifigeach poiblí an cion coiriúil agus a chuid nó a cuid dualgas á chomhlíonadh aige nó aici;
- (b) [...]
- (c) ciontaíodh an ciontóir roimhe sin **le breithiúnas críochnaitheach** ar [...] chionta den chineál céanna [...] **leo siúd dá dtagraítear in** Airteagail 3 [...] nó 5;
- (d) bhain an cion coiriúil le [...] hionstraimiú náisiúnaigh tríú tír a bhí ina ábhar sa chion coiriúil nó bhí ionstraimíocht an náisiúnaigh sin mar thoradh ar an gcion sin;
- (e) a ndoiciméid aitheantais nó taistil a bhaint de na náisiúnaigh tríú tír a bhí ina n-ábhar sa chion coiriúil;
- (f) [...]
- (g) **rinneadh an cion coiriúil le híde chruálach, mhídhaonna nó tháireach do náisiúnach tríú tír a bhí ina ábhar sa chion coiriúil sin.**

Airteagal 10

Imthosca maolaitheacha

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5, go bhféadfar **ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, [...] a mheas mar imthosca mhaolaitheach [...]:

- (a) **cuireann an ciontóir faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuidíonn leo ciontóirí eile** a shainaithint nó a thabhairt faoi réim an cheartais; [...]
- (b) **cuireann an ciontóir faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuidíonn leo fianaise a aimsiú.**

Airteagal 11

Tréimhsí teorann [...]

1. Maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 [...] agus 5, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun **go bhféadfar** [...] na cionta sin a imscrúdú, a ionchúiseamh, a chur chun trialach agus [...] **breithniú** a dhéanamh orthu ar feadh tréimhse leordhóthanach ama ón tráth a dhéantar na cionta coiriúla sin, chun dul i ngleic go héifeachtach leis na cionta coiriúla sin.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse theorann lena bhféadfar pionóis arna bhforchur tar éis ciontú críochnaitheach i gcionta coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 3 a fhorfheidhmiú ar feadh tréimhse leordhóthanach ama tar éis an chiontaithe sin.

[...]

2. Is mar a leanas a bheidh an tréimhse theorann dá dtagraítear i mír 1[...], an chéad fhomhír:

- (a) 3 bliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil is inphionóis le téarma uasta príosúnachta 3 bliana ar a laghad;**
- (b) 8 mbliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil is inphionóis le téarma uasta príosúnachta 8 mbliana ar a laghad;**
- (c) 10 mbliana ar a laghad ón tráth a dhéantar cion coiriúil is inphionóis le téarma uasta príosúnachta 10 mbliana ar a laghad.**

[...]

3. Is mar a leanas a bheidh an tréimhse theorann dá dtagraítear i mír 1[...], an dara fhomhír:

(a) 3 bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh sna cásanna seo a leanas:

(i) pionós príosúnachta ar feadh tréimhse suas le bliain amháin ó dháta an chiontaithe chríochnaithigh, nó de rogha air sin

(ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil is inphionóis le téarma uasta príosúnachta 3 bliana ar a laghad; agus

(b) (i) 5 bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh [...] i gcás pionós príosúnachta is faide ná bliain amháin, nó mar mhalairt air sin

(ii) 8 mbliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh i gcás pionós príosúnachta mar gheall ar chion coiriúil is inphionóis le huastearma príosúnachta 8 mbliana ar a laghad; [...] agus

[...]

(c)[...] 10 mbliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh sna cásanna seo a leanas:

- (i) pionós príosúnachta ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana, nó de rogha air sin
- (ii) pionós príosúnachta le haghaidh cion coiriúil is inphionóis le téarma uasta príosúnachta 10 mbliana ar a laghad.

4. De mhaolú ar mhíreanna 2 (b)-(c), [...] 3 (b)(ii) agus 3 (c), féadfaidh na Ballstáit tréimhse theorann níos giorra a leagan síos, **ach nach giorra ná 5 bliana í**, ar choinníoll gur féidir briseadh isteach ar an tréimhse nó í a chur ar fionraí i gcás gníomhaíochtaí sonraithe. [...]

Airteagal 12

Dlínse

1. **Déanfaidh** gach Ballstát **na bearta is gá chun** a dhlínse féin a bhunú ar **na** cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5 sna cásanna seo a leanas [...]:
- (a) rinneadh **an cion** [...] ina iomláine nó go páirteach **ar** a chríoch;
 - (b) is [...] náisiúnach [...] dá chuid é nó í **an ciontóir**

[...]

[...](c) rinneadh **an cion** [...] ar bord [...] loinge nó ar bord aerárthaigh a cláraíodh sa **Bhallstát lena mbaineann** [...] nó ar a raibh a bhratach ar foluain;

[...]

2. Cuirfidh Ballstát an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcinneann sé a dhlínse a leathnú chuig ceann amháin nó níos mó de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 5 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, sna cásanna seo a leanas:

(a) tá gnáthchónaí ar an gciontóir ina chríoch;

(b) rinneadh é chun tairbhe do dhuine dlítheanach

(i) atá bunaithe ar a chríoch;

(ii) maidir le haon ghnó a rinneadh go hiomlán nó go páirteach ina [...] chríoch;

(c) bhí an t-iompar dírithe ar theacht isteach neamhúdaraíthe nó ar idirthuras neamhúdaraíthe náisiúnach tríú tír, a bhí faoi réir an chiona choiriúil, ar chríoch an **Bhallstáit sin**.

3.[...]

4. [...] **Sa chás dá dtagraítear i mír 1 faoi b), agus i gcás inar chinn Ballstát an dlínse a leathnú i gcomhréir le mír 2, déanfaidh gach Ballstát, [...] chun na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5 a rinneadh lasmuigh de chríoch Ballstáit a ionchúiseamh, [...] na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh feidhmiú a dhlínse faoi réir an [...] choinníll [...] nach féidir an t-ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin tar éis séanadh ón Stát ina ndearnadh an cion coiriúil.**

[...]

5. [...] I gcás ina dtagann cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5 faoi dhlínse Bhallstáit amháin nó níos mó, comhoibreoidh na Ballstáit **sin** lena chinneadh cén Ballstát a sheolfaidh **na** himeachtaí coiriúla. Déanfar an t-ábhar a chur faoi bhráid Eurojust, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 12 (2) de Chinneadh Réime 2009/948/CGB²¹.

Airteagal 13

Cosc

1. Déanfaidh na Ballstáit **bearta** iomchuí [...], mar shampla feachtais faisnéise agus múscailte feasachta agus cláir thaighde agus oideachais, agus aird shonrach á tabhairt, **i gcás inarb ábhartha, ar an ngné ar líne agus urraim á tabhairt don inniúlacht náisiúnta agus don dlí náisiúnta**, arb é is aidhm dóibh feasacht an phobail a ardú agus déanamh na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5 a laghdú.

²¹ Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42).

2. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh i gcomhar le Ballstáit eile, gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, [...] tríú tíortha **agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara eile mar shampla an earnáil phríobháideach.**

Airteagal 14

Acmhainní

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an líon leordhóthanach foirne cáilithe agus na hacmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha [...] is gá ag údaráis náisiúnta [...] a **dhéanann** [...] na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5 a bhrath [...], a imscrúdú [...], a ionchúiseamh [...] nó a bhreithniú [...] chun a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo a fheidhmiú go héifeachtach.

Airteagal 15

Oiliúint

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú d'oiliúint speisialaithe [...] **agus** chun í a sholáthar **go tráthrialta** do chomhaltaí de na húdaráis forfheidhmithe dlí, [...], agus d'fhoireann na n-údarás lena n-áirítear foireann na cúirte, seirbhísí cúnaimh agus tacaíochta, gardaí teorann a gcuirtear imscrúduithe coiriúla agus imeachtaí i leith cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, [...] agus 5 ar a gcúram.
2. Gan dochar don neamhspleáchas breithiúnach **agus do dhifríochtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais, molfaidh** na Ballstáit **oiliúint ghinearálta agus speisialaithe araon do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí** [...] a bhfuil baint acu le himeachtaí coiriúla agus le himscrúduithe i ndáil le cuspóirí na Treorach seo.

Airteagal 16

Uirlisí imscrúdaitheacha

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha atá éifeachtach agus comhréireach ar fáil do na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3,[...] agus 5 a imscrúdú nó a ionchúiseamh. I gcás inarb iomchuí, áireofar sna huirlisí sin [...] uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, mar shampla na huirlisí sin [...] a úsáidtear le linn coireacht eagraithe **a chomhrac** nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí [...].

Airteagal 17

Bailiú sonraí agus staidrimh

1. Áiritheoidh na Ballstáit [...] go mbeidh córas i bhfeidhm chun sonraí staidrimh anaithnidithe a thairfeadh [...], a léiriú agus a sholáthar i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3[...] agus 5 chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeart chun cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo a chomhrac.
2. Áireofar sna sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1 [...], **ar a laghad, sonraí atá ann cheana maidir leis an méid seo a leanas:**
 - (a) Líon na náisiúnach tríú tír cláraithe a bhí faoi réir an chionta choiriúil, dí-chomhiomlánaithe de réir saoránachta, gnéis agus aoise (leanbh/duine fásta) i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta;
 - (b) [...]

- (c) líon na ndaoine nádúrtha a ionchúisíodh i leith cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo agus ar forchuireadh smachtbhannaí orthu [...];
- (d) líon na ndaoine dlítheanacha a ionchúisíodh i leith cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo, [...]
- (e) líon na **gcinntí ionchúisithe** [...] (**cinntí** cion a ionchúiseamh nó gan é a ionchúiseamh)[...]
- (f) líon na mbreithiúnas críochnaitheach cúirte [...] (i.e. ciontú, éigiontú, [...]);
- (g) líon na ndaoine nádúrtha a ciontaíodh i leith cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo [...];
- (h) líon na ndaoine nádúrtha ar gearradh pionóis orthu imdhealaithe de réir chineál agus leibhéal na bpionós (príosúnacht, fineálacha, daoine eile) agus na saoránachta;
- (i) líon na ndaoine dlítheanacha a ciontaíodh i leith cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo [...];
- (j) líon na ndaoine dlítheanacha ar cuireadh smachtbhannaí orthu **tar éis ciontú**, imdhealaithe de réir [...] chineál an smachtbhanna (fineálacha, daoine eile);
- (k) [...]

3. **Tarchuirfidh na Ballstáit [...] go bliantúil chuig an gCoimisiún na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 don bhliain roimhe sin ar bhonn caighdeánach, inrochtana go héasca agus inchomparáide. Féachfaidh na Ballstáit leis na sonraí sin a tharchur gach bliain faoin 30 Meán Fómhair, agus déanfaidh siad iad a tharchur faoin 31 Nollaig ar a dhéanaí. [...]**

Airteagal 18

[...]

Tagairtí do Threoir 2002/90/CE agus Chinneadh Réime 2002/946/CGB

Tagairtí do Threoir 2002/90/CE agus do Chinneadh Réime 2002/946 CGB a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo.

[...]

Airteagal 19

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi ... [/....] 2 bhliain ó [...] **dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo**] [...]. **Cuirfidh siad** an Coimisiún **ar an eolas** [...] **faoin méid** sin láithreach [...].
2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na **bearta** sin [...], beidh tagairt iontu don Treoir seo nó **beidh** tagairt mar sin [...] ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. **Leagfaidh** na Ballstáit [...] **síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.**
3. Déanfaidh na Ballstáit téacs de phríomhbhearta [...] an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.